

Cód Reachtanna Gníomhaireacht na Sualainne um Chaomhnú Comhshaoil

ISSN 1403-8234

Rialacháin Gníomhaireacht na Sualainne um Chaomhnú Comhshaoil maidir le dramhaíl indóite agus dramhaíl orgánach a chur i líonadh talún;

NFS 2024:X

Foilsithe ar

arna nglacadh ar DÁTA

De bhua Alt 10b den Ordánas (2001:512) maidir le dramhaíl a chur i líonadh talún, eisíonn Gníomhaireacht na Sualainne um Chaomhnú Comhshaoil na rialacháin seo a leanas¹.

Raon feidhme

Roinn 1 Tá forálacha sna rialacháin seo maidir leis an méid seo a leanas:

- eisceachtaí ó na toirmisc ar dhramhaíl indóite shórtáilte agus dramhaíl orgánach a chur i líonadh talún; agus
- díolúintí maidir le dramhaíl indóite shórtáilte agus dramhaíl orgánach a chur i líonadh talún.

Sainmhíniú

Roinn 2 Tá an bhrí chéanna le téarmaí agus coincheapa a úsáidtear sna rialacháin seo agus atá leo sa Chód Comhshaoil, sa Reacht Dramhaíola (2020:614) agus sa Reacht (2001:512) maidir le dramhaíl a chur i líonadh talún.

Chun críocha na rialachán seo, ciallaíonn ‘TOC’ carbón orgánach iomlán.

¹ Cf. Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, arna leasú le Treoir (AE) 2018/851 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl, arna leasú le Treoir (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Féach Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise.

TOC a chinneadh

Roinn 3 Cinnfear TOC sa dramhaíl trí shampláil agus trí thástáil.

Déanfar an dramhaíl a shampláil i gcomhréir le plean samplála atá le tarraingt suas i gcomhréir le SS-EN 14899:2005, Eagrán 1 nó le modh coibhéiseach.

Déanfaidh saotharlann chreidiúnaithe tástáil ar TOC i gcomhréir le SS-EN 15936:2022, Eagrán 1 nó modh tástála coibhéiseach. Chun a chinneadh an bhfuil TOC faoi bhun 10 nó 18 faoin gcéad de réir meáchain, úsáidfear an meánluach ó thorthaí na tástála.

Eisceachtaí ó thoirmisc ar líonadh talún

Roinn 4 Na toirmisc a leagtar síos i Roinn 8(6)-(7) den Reacht (2001:512) maidir le dramhaíl a chur i líonadh talún, níl feidhm acu maidir leis an méid seo a leanas:

1. bunluaith agus luaith cháithníneach agus sloda glantacháin gáis múcháin ina bhfuil níos lú ná 18 faoin gcéad TOC de réir meáchain arna ríomh ar bhonn an mheáchain thirim agus arna chinneadh i gcomhréir le Roinn 3;
2. sloda múirínithe ó chóireáil fuíolluisce;
3. sloda licéir uaine ó licéar cócaireachta a aisghabháil;
4. dramhaíl ainmhithe a fhéadfar, i gcomhréir le rialacháin eile, a chur faoi thalamh;
5. dramhaíl eile de chomhdhéanamh aonchineálach ina bhfuil níos lú ná 10 faoin gcéad TOC de réir meáchain arna ríomh ar bhonn an mheáchain thirim agus arna cinneadh de réir Roinn 3; agus
6. dramhaíl de chomhdhéanamh ilchineálach ina bhfuil níos lú ná 10 faoin gcéad de dhramhaíl indóite de réir toirte.

Díolúintí ar chúiseanna speisialta

Roinn 5 Ní fhéadfaidh bord riaracháin an chontae díolúintí a dheonú ó na toirmisc ar dhramhaíl indóite sórtáilte agus dramhaíl orgánach sórtáilte a chur i líonadh talún ach amháin má tá cúiseanna speisialta ann.

Beidh díolúine faoin gcéad fhomhír bailí;

1. ar feadh cúig bliana ar a laghad má bhaineann sé le sloda oibreacha uisce; agus
2. ar feadh tréimhse nach faide ná dhá bhliain má bhaineann sé le dramhaíl indóite shórtáilte eile agus le dramhaíl orgánach eile.

Forálacha idirthréimhseach

1. Tiocfaidh na rialacháin seo i bhfeidhm an (**cuir isteach an dáta**) nuair a scoirfidh rialacháin Ghníomhaireacht na Sualainne um Chaomhnú Comhshaoil (NFS 2004:4) agus comhairle ghinearálta maidir le bainistiú dramhaíola indóite agus dramhaíola orgánaí d'fheidhm a bheith acu.
2. Tá díolúintí maidir le dramhaíl indóite sortáilte agus dramhaíl orgánach a chur i líonadh talún arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha níos sine fós bailí.
3. Beidh feidhm ag forálacha níos sine maidir le hachomhairc i gcoinne cinní díolúine arna n-eisiúint roimh (**cuir isteach an dáta**).

BJÖRN RISINGER

Ingela Hiltula
(An Roinn Scaipthe)

LEAGAN LE HAGHAIDH COMHARLIÚCHÁIN